2025/897

16.5.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/897 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Bealtaine 2025

lena bhformheastar liostú na gcalafort i gcomhréir le Caibidil II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 14(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 déantar foráil maidir le rialacha agus bearta i ndáil leis an gcorrlach lamháltais ceadaithe i measctacháin a thaifeadtar sa logleabhar iascaireachta de chainníochtaí éisc ina gcileagraim a choinnítear ar bord soithí iascaireachta.

(2) Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le measctachán cruinn a dhéanamh de réir speicis ar ghabhálacha ar bord, le hAirteagal 14(4), pointe (a), den Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), déantar foráil maidir le maolú ar an gcorrlach lamháltais atá ann cheana a d'fhéadfaí a dheonú ar ghabhálacha neamhshórtáilte ó iascaigh pheiligeacha bheaga, iascaigh thionsclaíocha, agus iascaigh pheas-saighne tuinníní trópaiceacha. Bíonn feidhm ag an maolú céanna i gcás na measctachán a thaifeadtar sa dearbhú trasloingsithe, i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán sin.

(3) Ní fhéadfar maolú den sórt sin a dheonú ach amháin i gcás ina dtugtar i dtír nó ina dtrasloingsítear na speicis a ghabhtar sna hiascaigh sin i gcalafoirt liostaithe faoi réir coinníollacha breise le haghaidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais, na mBallstát cósta agus na mBallstát brataí a leagtar síos i gCaibidil IV de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474 ón gCoimisiún ([3]).

(4) Maidir le liostú na gcalafort, caithfear cloí leis na coinníollacha a leagtar amach i gCaibidil II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474 agus atá faofa ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an bpróiseas a leagtar síos i gCaibidil III den Rialachán sin.

(5) Chuir an Danmhairg iarratas faoi bhráid an Choimisiúin chun sé chalafort atá suite ina críoch, is iad sin calafoirt Skagen, Thyborøn, Hirtshals, Grenå, Hvide Sande agus Hanstholm, a áireamh ar an liosta calafort arna fhormheas ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474.

(6) Chuir an Laitvia iarratas faoi bhráid an Choimisiúin chun calafort amháin atá suite ina críoch, is é sin calafort Ventspils, a áireamh ar an liosta calafort arna fhormheas ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474.

(7) Ar bhonn na faisnéise agus na fianaise a chuir an Danmhairg agus an Laitvia isteach ina n-iarratas, chinn an Coimisiún gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i gCaibidil II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474 maidir le gach calafort atá beartaithe a liostú, i ndiaidh measúnú arna dhéanamh ag an gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 7(1) den Rialachán sin.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2016/1139, (AE) 2017/2403 agus (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialú ar iascach (IO L, 2023/2842, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2842/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 14(4), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le maolú ar an gcorrlach lamháltais chun measctachán a dhéanamh ar ghabhálacha le haghaidh tabhairt i dtír agus trasloingsithe neamhshórtáilte ó iascaigh pheiligeacha bheaga, iascaigh thionsclaíocha, agus iascaigh pheas-saighne tuinníní trópaiceacha (IO L, 2024/1474, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1474/oj).

(8) De réir na faisnéise a chuir an Danmhairg isteach, comhlíonann calafoirt Skagen, Thyborøn, Hirtshals, Grenå, Hvide Sande agus Hanstholm na coinníollacha is gá faoi Airteagail 2 agus 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474 chun calafoirt a liostú laistigh den Aontas. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm sna calafoirt chun go n-áirithítear meá chruinn na ngabhálacha uile. Go sonrach, tá na calafoirt sin feistithe le córais cianfhaireacháin leictreonaigh le ceamaraí teilifíse ciorcaid iata (TCI), droichid mheáite agus scálaí crannóige, siúit samplála leath-uathoibrithe ceangailte go díreach leis na deighilteoirí uisce, agus meádóirí neamhspleácha tríú páirtí a chomhlíonann na híoscheanglais a leagtar amach in Airteagal 3(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474. Ina theannta sin, tugtar tuilleadh tacaíochta do na ceanglais le haghaidh meá chruinn leis na pleananna samplála agus rialaithe arna bhformheas ag an gCoimisiún le haghaidh chalafoirt Skagen, Thyborøn, Hirtshals,Grenå, Hvide Sande agus Hanstholm, atá curtha chun feidhme ag an Danmhairg faoi Ord Náisiúnta Uimh. 1765 an 03/09/2021.

(9) De réir na faisnéise a chuir an Laitvia isteach, comhlíonann calafort Ventspils na coinníollacha is gá faoi Airteagail 2 agus 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474 chun calafoirt a liostú laistigh den Aontas. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm sa chalafort chun go n-áirithítear meá chruinn na ngabhálacha uile. Go sonrach, tá an calafort sin feistithe le córas cianfhaireacháin leictreonaigh le ceamaraí TCI, meánna paillead, chomh maith le siúit samplála leath-uathoibrithe ceangailte go díreach den deighilteoir uisce agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha údaraithe ag údaráis inniúla an Bhallstáit cósta a dhéanann faireachán iomlán ar chruinneas na meá i dtaca le gach tabhairt i dtír agus trasloingsiú gabhálacha. Ina theannta sin, tugtar tuilleadh tacaíochta do na ceanglais le haghaidh meá chruinn leis an bplean samplála arna fhormheas ag an gCoimisiún atá curtha chun feidhme ag an Laitvia faoi Rialachán Náisiúnta Uimh. 94.

(10) Ar bhonn na faisnéise a cuireadh isteach, ba cheart na calafoirt atá beartaithe a liostú ag an Danmhairg agus an Laitvia a fhormheas agus a chur leis an liosta calafort dá dtagraítear in Airteagal 14(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheas liostú na gcalafort

Formheasann an Coimisiún na calafoirt a chomhlíonann na forálacha ábhartha i gCaibidil II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474 a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Liosta na gcalafort faofa de bhun Chaibidil II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474

Ainm an chalafoirt liostaithe	Suíomh	An tAontas/Tríú tír	An Ballstát Iarrthach
Skagen (DNKSKA)	An Danmhairg	An tAontas	An Danmhairg
Hirtshals (DNKHIR)	An Danmhairg	An tAontas	An Danmhairg
Hanstholm (DNKHAN)	An Danmhairg	An tAontas	An Danmhairg
Thyborøn (DNKTHY)	An Danmhairg	An tAontas	An Danmhairg
Hvide Sande (DNKHVS)	An Danmhairg	An tAontas	An Danmhairg
Grenå (DNKGRE)	An Danmhairg	An tAontas	An Danmhairg
Ventspils (LVVEN)	An Laitvia	An tAontas	An Laitvia